AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Ciorclán 0071/2014**

**Chuig: Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

**Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir le Múinteoirí agus Príomhoidí a chur ar Fionraí agus a Bhriseadh as a bPost**

**Cuspóir an Chiorcláin:**

I ndiaidh achtú an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus an Achta Oideachais (Leasú) 2012, tá athbhreithniú déanta ar na nósanna imeachta a bhaineann le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla agus gnáthchúrsaí disciplíne do Mhúinteoirí agus do Phríomhoidí a bhíonn fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna.

Tagann na nósanna imeachta sa Chiorclán seo in áit na gcinn arna leagan amach i gCiorclán 59/2009. Déantar, leis seo, Ciorclán 59/2009 a aistharraingt.

Beidh feidhm ón dáta eisithe ag na nósanna imeachta seo i ndáil le gach saincheist inniúlachta gairmiúla agus gnáthchúrsaí disciplíne. Sa chás is go bhfuil tús curtha le próiseas maidir le saincheist inniúlachta gairmiúla nó disciplíne faoi Chiorclán 59/2009 roimh dháta eisithe an Chiorcláin seo, ba chóir leanúint leis an bpróiseas sin de réir na nósanna imeachta athbhreithnithe sa Chiorclán seo, ón gcéim chomhfhreagrach ar aghaidh.

**Scaipeadh:**

Cinntigh, le do thoil, go scaipfear cóipeanna den Chiorclán seo ar gach comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirfear a bhfuil luaite ann in iúl do gach Múinteoir agus Príomhoide atá fostaithe agat, iad sin ar saoire cheadaithe nó ar saoire gan phá ina measc.

Chun na nósanna imeachta do **Mhúinteoirí** a fheiceáil: Cliceáil anseo

Chun na nósanna imeachta do **Phríomhoidí** a fheiceáil: Cliceáil anseo

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag http://www.education.ie.

Philip Crosby
Caidrimh Sheachtracha Foirne
29 Deireadh Fómhair 2014